# Scéal, Scéal, Scéal ...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

21 Nollaig 2023 || Eagrán 178

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*



# CÚRSA OILIÚNA D'ÁISITHEOIRÍ DRÁMAÍOCHTA

**Tá cúrsa oiliúna d'áisitheoirí drámaíochta á reáchtáil ag Ealaín na Gaeltachta i gCaisleán an Bharraigh ar an Satharn agus Domhnach 27-28 Eanáir 2024. Beidh an cúrsa seo dírithe ar dhaoine a bhfuil suim acu i ndrámaíocht don óige nó ar dhaoine ar mian leo cur lena gcuid scileanna áisitheoireachta sa drámaíocht. Is é an t-aisteoir cáiliúil Diarmuid De Faoite a bheidh i mbun an chúrsa. Beidh Diarmuid ag díriú isteach ar ghnéithe difriúla den drámaíocht, mar shampla, samhlaíocht, obair foirne, spreagadh samhlaíochta, cluichí samplacha, cluichí teangabhunaithe agus neart eile. Bheifear ag súil go mbeadh rannpháirtithe an chúrsa sásta dul ar phainéal teagascóirí Ealaín na Gaeltachta i ndiaidh an chúrsa agus sásta tabhairt faoi cheardlanna drámaíochta ina gceantar féin. Ní bheidh aon chostas ar an gcúrsa, agus cuirfear lóistín agus béilte ar fáil. Ach, tá líon ná spásanna teoranta, mar sin moltar clárú roimh ré ag cuisle@udaras.ie**



# CLUICHE CEANNAIS CHONNACHTA (Faoi 16)

**Scríofa ag Éabha Ní Neachtain agus Niamh de Bhailís**

Bhí gach duine ag fáil faoi réir sa seomra feistis. Bhí an teannas ag dul ó neart go neart agus é ar intinn ag chuile dhuine a seacht míle dícheall a dhéanamh chun an lámh in uachtar a fháil ar a gcéile comhraic. Tugadh amach na geansaithe agus amach linn ar an bpáirc – shín muid na matáin...théigh muid suas....agus....d'fhan muid go sceitimíneach le tús an chluiche. Caitheadh isteach an sliotar agus cuireadh tús leis an gcluiche ceannais. D'oibrigh an fhoireann as lámh a chéile ach cé gur aimsigh muid roinnt mhaith scóranna, faraor bhí muid ag cailleadh le 6 phointe ag leath ama. Bhí díocas fúinn ag dul chun páirce sa dara leath. Bhí 25 nóiméad fágtha sa gcluiche le díoltas a bhaint amach. Bhí an-spiorad foirne againn agus ní raibh muid chun na maidí a ligint le sruth! D'éirigh linn cúilín i ndiaidh cúilín a chur thar an trasnán agus cúl a bhá san eangach don bhua. Fuair muid poc saor gar do dheireadh an chluiche agus thóg muid é le bród. Cé go raibh na cosa ag fáil tuirseach, níor chaill muid misneach. Bhí na bainisteoirí ag tabhairt focail mhisniúla ón taobhlíne agus spreag an tacaíocht an imirt. Chuala muid an réiteoir ag rá 'seacht nóiméad fágtha'. Ní raibh an gaisce déanta fós agus bhí a fhios againn nach bhféadfadh muid an sliotar a ligint uainn. Choinnigh muid ár ngreim nó gur séideadh an fheadóg dheiridh. Bhí an bua againn.... Seaimpíní an lae... Craobh Chonnachta sa gCamógaíocht faoi 16 gnóthaithe......Coláiste Chroí Mhuire ABÚ!

[Coláiste Chroí Mhuire, An Spidéal 4:10
Coláiste na Trócaire, An Ghráig 6:02]



# AN IDIRBHLIAIN AR CUAIRT




An t-seachtain seo caite thug grúpa ón idirbhliain agus ceoltóirí eile ón scoil cuairt ar Thearmann Éanna agus Áras Chois Fharraige. Chas siad ceol, amhráin, d'aithris dánta, rinneadh dreas damhsa agus neart comhrá leis na seanóirí. Bhronn siad earraí Nollag lámhdhéanta ó na ranganna praiticiúla (Tíos, Miotalóireacht, Adhmadóireacht agus Ealaín) ar nós maisiúcháin do chrann Nollag, crainn Nollag, cácaí agus cártaí Nollag. Is cinnte gur cuireadh an-fháilte roimh na scoláirí san dá ionad agus bhain siad ar fad an-sult as na cuairteanna.



# FÍSEÁN SPEISIALTA SCOIL CHOLMCILLE

Tá feachtas á reáchtáil ag Scoil Cholmcille Ros a' Mhíl le hairgead a bhailiú le síneadh a chur le foirgneamh scoile s'acu. Bhí ceolchoirm ag an scoil le gairid le cuidiú leis an bhfeachtas seo! Thug Molscéal cuairt ar an scoil le taifead a dhéanamh ar phíosa speisialta leis an scéal a scaipeadh. Is féidir breathnú ar an bhfíseán ag cuntas Facebook: Molscéal.



# CLUB ÓIGE VR

Tá Club Óige Fíorúil á reáchtáil ag Muintearas. Déanfar an togra seo a sheachadadh trí dhá chlub óige fíorúil a eagrú do dhaoine óga idir 13-17 bliain d'aois, as ceantair éagsúla Gaeltachta, ag úsáid trealamh agus eispéireas réaltachta fíorúla thar 10 seisiúin éagsúla. Beidh beirt oibrí óige i mbun na seisiúin le gach club, agus iad ag tacú leis na seisiúin a stiúradh, ceisteanna a fhreagairt agus treoracha ginearálta a thabhairt do na baill. Faoi láthair, tá Muintearas ag iarraidh Oibrithe Óige a earcú, chomh maith le daoine óga a mhealladh le bheith ina mbaill den chlub. Do na hOibrithe Óige, beidh traenáil ar siúl ag tús mhí Eanáir. Le níos mó eolais a fháil, nó le suim a léiriú sa gclub, is féidir teagmháil a dhéanamh le Muintearas ag 091 551 145.

# CLÁRAMA NUA AN 424

Tá busanna breise curtha ag Bus Éireann ar Bhóthar Chois Fharraige. Gach lá den tseachtain ach an Domhnach agus Lá Saoire Poiblí, beidh scór bus ag teacht aniar le daoine a thabhairt go Gaillimh agus beidh scór bus ag fágáil Stáisiún na Gaillimhe chomh maith, an chéad cheann ag 6 ar maidin agus an ceann deireanach ag 23.15 san oíche. Tá Cumann Forbartha Chois Fharraige tar éis leagan den amchlár a réiteach do cheantar Chois Fharraige, le tacaíocht ó Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Tá cóipeanna den amchlár nua le fáil in oifigí Comhar Creidmheasa Cholmcille, i Leabharlann an Spidéil, agus ag Oifigí An Fhóraim in Inis Fáil. Tá sé scaipthe ag na hOifigigh Pleanála Teanga ar na siopaí sa gceantar ó na Forbacha siar go Ros a' Mhíl.



# CROÍLÍNE CHOIS FHARRAIGE 5K NA NOLLAG




Is eagraíocht phobail í Croílíne Chois Fharraige a bunaíodh chun áiseanna a chur ar fáil le freagairt sciobtha, éifeachtach a dhéanamh ar Stad Chardiach Tobann. Chun airgead a bhailiú don charthanacht iontach seo, tá deis ag an bpobal, rith, nó siúlóid spraíúil 5K ar do luas féin, ar ndóigh, a dhéanamh ar an gCéadaoin 27 Nollaig ag 12.30 i.n. Le níos mó eolais a fháil agus le clárú is féidir cuairt a thabhairt ar an suíomh: www.croiline.com

# CUAIRT CHOLÁISTE CHROÍ MHUIRE AR ÁRAS CHOIS FHARRAIGE

Rinne dalltaí Choláiste Chroí Mhuire éacht i mbliana nuair a bhailigh siad airgead le bronntanais a cheannach, agus a bhronnadh ar chónaitheoirí Áras Chois Fharraige, don Nollaig. Chomh maith le sin, sheinn na daltaí roinnt ceoil agus chan siad roinnt amhrán do na cónaith eoirí 'fhad 's a bhí siad ar cuairt. Bhain chuile dhuine an-taitneamh as an lá.









Seachtar an taobh, **€10 an duine**

Cuir téacs chuig **087 445 5613** le d'fhoireann

# CEANNAIGH I gCOIS FHARRAIGE

## Bláthanna agus Bronntanais Charoline



Is iomaí bronntanas, féirín agus ar ndóigh, bláthanna atá ar fáil ó Charoline ag Bláthanna agus Bronntanais Charoline. Is féidir orduithe pearsanta a dhéanamh le Caroline nó sracfhéachtaint a thbhairt ar na táirgí áille atá aici sa siopa. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Caroline ag 086 3887 703 nó is féidir cuairt a thabhairt uirthi sa siopa in Indreabhán.





## Cogaslann an Spidéil

Tá rogha iontach de bhronntanais agus féiríní ar fáil ó Chogaslann an Spidéil - táirgí a bheadh thar a bheith feiliúnach mar bhronntanais na Nollag!



























## Cló Iar-Chonnacht

**Tá rogha iontach de leabhair agus bronnatanais áille ar fáil ó Chló Iar-Chonnacht agus tá lascaine suas le 50% ar fáil ar rogha tháirgí faoi láthair - díreach in am don Nollaig!**










**Beidh an siopa ar oscailt go dtí 23 Nollaig agus oscailte arís ón 4 Eanáir ar aghaidh.**

## An Spailpín Fánach

**Is féidir geansaithe, cótaí agus bronntanais iontacha a fháil ón Spailpín Fánach, le ceannach mar atá, nó is féidir ordú pearsanta a dhéanamh. Is féidir dearbháin, breágáin agus leabhair a cheannach ón Spailpín freisin!**











# An Builín Blasta

Réitíonn An Builín Blasta ciseáin áille lán le táirgí dá gcuid féin, chomh maith le táirgí áille eile, arbh fhéidir a cheannach ag an gcaifé. Chomh maith le sin, is féidir dearbháin - ag tosú ag luach €10 - a fháil ag an mBuilín.









Is féidir cácaí agus earraí bácáilte blasta a ordú ón gcaifé freisin ach teagmháil a dhéanamh leo ag 091 558 559

# FutaFata

Is féidir leabhair iontacha do ghasúir a fháil ó FutaFata - bronntanais áille don Nollaig! Chomh maith le sin, is féidir dlúthdhioscaí a cheannach ann, agus dearbháin. Is féidir teagmháil a dhéanamh le FutaFata ag 091 504 612









## POTA

Is féidir ciseáin áille a fháil ó POTA lán le táirgí áitiúla, mar shampla, caife, subh, anlann, mil agus coinnle. Is féidir teachtaireacht phearsanta a chur isteach le do chiseán chomh maith. Tá dearbháin ar fáil ó POTA freisin. Is féidir na ciseáin, dearbháin nó táirgí éagsúla a cheannach ag an gcafé, nó ar líne ag www.potacafe.com










## Fia Beag

Is féidir cártaí lámhdhéanta a cheannach ón gcomhlacht Fia Beag. Ar Etsy arbh fhéidir na cártaí a cheannach nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann ar a gcuntas Instagram @fiabeag Tagann na cártaí leo féin nó is féidir pacáiste a cheannach. Clúdaíonn na cártaí aimsir na Nollag, laethanta breithe, ócáidí speisialta agus is féidir orduithe pearsanta a dhéanamh freisin. Tá na cártaí ar fáil ag POTA freisin agus Ro + Vee i mBearna.






# Beannachtaí na Nollag

## oraibh ar fad

ó

## Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga